# Rudaí a eitlíonn

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Sonraí - sonraí a aithint agus a léirmhíniú |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche nó chun fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm<br>• Réitigh ar fhadhbanna a aithint<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - fadhbanna a chuirfí i láthair go nithiúil, go pictiúrtha nó ó bhéal a phlé |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | graf de réada fíora, marla, le/gan rothaí, le/gan sciatháin, dathanna, cruthanna, rudaí beo/chan rudaí grúpa/grúpaí, níos mó ná agus níos lú ná, difríocht |
| **Áiseanna** | marla |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Tá an ceacht seo bunaithe ar chéimeanna na sraithe PPDAC
https://nzmaths.co.nz/category/glossary/statistical-enquiry-cycle

### 1 Gníomhaíocht 1

Coinníonn Mol Mata rudaí a eitlíonn sa bhosca bréagán. Pléann daltaí na rudaí a d'fhéadfadh a bheith sa bhosca bréagán agus déanann siad réad amháin as marla.

### 2 Gníomhaíocht 2

Cuireann an múinteoir an fhadhb seo a leanas i láthair don rang agus iarrann sé ar na daltaí critéir a shocrú chun na bréagáin a shórtáil. Thit bosca bréagán Mol Mata agus tá na rudaí ar fad a eitlíonn measctha suas anois. An féidir leat cabhrú le Mol Mata na bréagáin a shórtáil ina ngrúpaí? Socraíonn na daltaí mar rang na critéir a d'fhéadfadh siad úsáid chun na bréagáin a shórtáil (le/gan rothaí, le/sciatháin, dathanna, cruthanna, rudaí beo/chan rudaí srl.).

### 3 Gníomhaíocht 3

Sórtálann daltaí na rudaí a chruthaigh siad agus déanann siad graf de réada fíora agus na réada marla in úsáid acu.

### 4 Gníomhaíocht 4

Pléann an múinteoir an graf leis na daltaí.

### 5 Gníomhaíocht 5

Socraíonn na daltaí ar an tslí ar cheart do Mol Mata slacht a chur ar an mbosca bréagán. Scríobhann an múinteoir agus na daltaí ríomhphost chuig Mol Mata, míníonn siad an tslí chun na bréagáin a ghrúpáil agus an fáth ar cheart dóibh iad a ghrúpáil ar shlí faoi leith.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an grúpa is mó?<br>• Cad é an grúpa is lú?<br>• Cé mhéad níos mó x ná y atá ann?<br>• Cé mhéad x agus y atá ann san iomlán?<br>• Cé mhéad x níos lú ná y atá ann? | • Conas ba chóir do Mol Mata slacht a chur ar na bréagáin? Cén fáth?<br>• An síleann tú go bhfuil boscaí bréagán na ndaltaí eile cosúil le bosca bréagán Mol Mata?<br>• Dá rachadh Mol Mata chuig an siopa bréagán agus dá gceannódh sé bréagán amháin, cad é a cheannódh sé i do bharúil? Cén fáth?<br>• An bhfuil bealaí eile ann na bréagáin a shórtáil? Conas?<br>• An féidir leat bealaí eile a mholadh do Mol Mata chun na bréagáin a stóráil? Mínigh an tslí chun é a dhéanamh agus an fáth.<br>• An bhfuil níos mó x nó y ann? Conas atá a fhios agat? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.